

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
An Dara Babhta de Chiste Éigeandála COVID-19

FOIRM IARRATAIS



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Ainm an Ghrúpa / na hEagraíochta:

Déan cinnte go bhfuil na nithe luaithe thíos curtha isteach agat le d'iarratas:

Foirm Iarratais agus í comhlánaithe agus sínithe	Seá <input type="checkbox"/>
Cruthúnas go bhfuil Grúpa / Eagraíocht bunaithe i gceart, i.e. Uimhir Thagartha Cánach nó Stádas Carthanais	Seá <input type="checkbox"/>
Cóip de Ráiteas Bainc nó Ráiteas Comhar Creidmheasa in ainm dlíthiúil an Ghrúpa / Eagraíochta	Seá <input type="checkbox"/>
Cóip de Pholasaí Árachais Dlíteanais Phoiblí	Seá <input type="checkbox"/>
Meastachán amháin ar a laghad do gach mír caiteachais agus/nó Aguisín 1 comhlánaithe	Seá <input type="checkbox"/>

Léigh na Treoirínte maidir le hIarratais sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

**Ní mór gach ceist ar an bhfoirm seo a fhreagairt.
Scríobh do chuid freagraí, le do thoil, go soiléir i mbloclitreacha.**

NÍ MÓR GACH IARRATAS A SHEOLADH AR AIS CHUIG:

covidsupport@galwaycoco.ie

Faoin Dé hAoine 12ú Feabhra ag 5.00 p.m.

Seol aon fhiosruithe chuig Mary McGann, Oifigeach Riaracháin, Forbairt Pobail, ag 091
509128 nó 087 1044 820

ROINN 1: D'EAGRAÍOCHT

Ainm an Ghrúpa / na hEagraíochta	
Seoladh	
Éirchód	
Ainm Teagmhála	
Ról sa Ghrúpa/san Eagraíocht	
Uimhir Theileafóin	
Ríomhphost	
Láithreán Gréasáin	
Ainm Teagmhála Eile	
Uimhir Theileafóin Eile	
Ríomhphost eile	
An bhliain ar bunaíodh	
Cad é cuspóir an ghrúpa/na heagraíochta	

Déan cur síos gearr, le do thoil, ar do ghrúpa/eagraíocht, m.sh. struchtúr coiste, sceideal cruinnithe, srl.

--

An bhfuil d'Eagraíocht/Grúpa cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) áitiúil ábhartha?

TÁ NÍL Más **NÍL**, atá i gceist, b'fhéidir go smaoinfeá ar a bheith i do chomhalta den PPN.

An bhfuair tú maoiniú faoi aon scéim deontais ón mbliain 2018 suas go dtí an dáta reatha – m.sh. deontais ó Ranna Rialtais, Údarás Áitiúil nó LEADER? FUAIR NÍ bhFUAIR

Más **FUAIR**, tabhair mionsonraí thíos le do thoil:

Ainm na scéime	Eagraíocht maoinithe	An méid a fuarthas	An dáta a fuarthas é

An bhfaigheann tú maoiniú ó aon eagraíocht eile?

FAIGHEANN

NÍ FHAIGHEANN

Más **FAIGHEANN**, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil:

Eagraíocht maoinithe	An méid a fuarthas	Cuspóir

An bhfuil baint nó an bhfuil aon cheangal ag d'eagraíocht le haon ghníomhaireacht áitiúil réigiúnach nó náisiúnta ábhartha? TÁ NÍL

Más **TÁ**, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil:

Ainm na hEagraíochta/na nEagraíochtaí:

Conas a nascann d'eagraíocht le heagraíochtaí eile i do cheantar?

--

Uimhir Stádais Carthanais: (más infheidhme)

Uimhir Thagartha Cánach (más infheidhme)

Uimhir Rochtana Imreítigh Cánach (más infheidhme)

Luaigh, le do thoil, an bealach a bhfuil sé beartaithe ag do ghrúpa aitheantas a thabhairt go poiblí don Roinn, don LA nó don LCDC

--

ROINN 2: SONRAÍ FAOIN TIONSCADAL

Tabhair cuntas, le do thoil, ar shonraí an tionscadail:	
Cén chaoi a rachaidh an maoiniú seo chun leasa daoine agus chun do sheirbhís a chothú amach anseo?	
An ndearna tú iarratas ar mhaoiniú nó an bhfuair tú maoiniú ó aon fhoinse eile do do ghníomhaíochtaí a bhaineann le Covid-19? Má rinne nó má fuair, tabhair sonraí le do thoil.	
Cá bhfaighidh tú an fuilleach nó an chuid eile den mhaoiniú d'aon cheann de do ghníomhaíochtaí a bhaineann le Covid-19?	
Tionscadail chun An Feachas "Go dTé Tú Slán" - céard iad na bearta atá curtha i bhfeidhm agat lena chinntiú go gcomhlíonann do thogra tionscadail bearta sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19?	

Cén uair a chuirfear tús le d'obair?

Cén uair a dtabharfar d'obair chun críche?

An bhfuil na ceadanna ábhartha go léir i bhfeidhm (m.sh. pleanáil, toiliú scríofa ó úinéir talún/maoine má bhaineann forbairt maoinne le do thionscadal)?

Níl infheidhme **TÁ** **NÍL**

An tionscadal iomlán nua é seo nó an bhfuil sé mar chuid d'fhorbairt chéimnithe, nasctha le (nó an bhfuil sé maoinithe) ag scéimeanna eile a fheidhmíonn Ranna Rialtais nó an tÚdarás Áitiúil?

IS EA **NÍ hEA** Más **IS EA**, tabhair mionsonraí thíos le do thoil:

ROINN 3: IARRATAS CISTIUCHÁIN

An méid maoinithe atá á iarraidh faoin gCiste seo:		€
Mír(eanna) C(h)aiteachais:	Méid:	Foinse an mheastacháin:
	€	
	€	
	€	
	€	
	€	

ROINN 4: DEARBHÚ

Thar ceann ár nEagraíochta, daingním an méid seo a leanas:

1. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar san iarratas seo, agus an fhaisnéis go léir a thugtar in aon doiciméid tacaíochta, fíor agus cruinn.
2. Tá na Téarmaí & na Coinníollacha is infheidhme maidir leis an maoiniúchán seo léite agam agus tuigim iad.
3. Aontaím gur féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis a phróiseáil agus í a nochtadh do thríú páirtithe más gá sin chun cistí a riaradh, chun measúnú a thuairisciú agus ar mhaithe le hiniúchadh, agus toilím, thairis sin, go bhféadfaidh na páirtithe sin an fhaisnéis sin (ainm na heagraíochta is iarratasóir, méid an deontais a thugtar, mionsonraí faoin bhféile/imeacht a dtugtar maoiniúchán ina leith) a nochtadh a mhéid a bhaineann le margú nó cur chun cinn an mhaoiniúcháin seo.
4. Daingním go bhfuil clúdach dóthanach cuimsitheach árachais againn le haghaidh ár gcuid gníomhaíochtaí agus aontaím Comhairle Chontae na Gaillimhe a shlánú.
5. Tuigim gur próiseas comórtais atá i gceist agus aontaím glacadh leis an gcinneadh a éireoidh as measúnú m'iarraitais mar chinneadh críochnaitheach.
6. Deimhním nach bhfuil an cistiú ag an ngrúpa/eagraíocht chun tabhairt faoin obair/tionscadal gan an cúnamh deontais seo nó, mar mhalairt air sin, go dtabharfaidh grúpa/eagraíocht an iarratasóra faoi thionscadal níos mó anois ar an deontas a fháil nach mbeidís in ann tabhairt faoi murach an deontas.
7. Deimhním go bhfuil grúpa/eagraíocht an iarratasóra comhlíontach i dtaobh cánach (má tá sé/sí cláraithe do cháin)

Ní mór don Chathaoirleach, don Rúnaí nó don Chisteoir an Dearbhú seo a shíniú thar ceann na hEagraíochta is iarratasóir:

Ainm (i mblaclitreacha):	
Síniú:	
An Post san Eagraíocht:	
Dáta:	

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail An Dara Babhta de Chiste Éigeandála COVID-19

TREOIRLÍNTE



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development



LÉIGH NA TREOIRLÍNTE SEO A LEANAS GO CÚRAMACH, SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM IARRATAIS.

1. Réamhrá

Tá an **Ciste Éigeandála COVID-19** á mhaoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (*an Roinn*) agus á riar ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDCanna) i ngach ceantar Údaráis Áitiúil.

Seoladh an chéad bhabhta den Chiste Éigeandála COVID-19 in Aibreán agus bhí €2.5m i maoiniú i gceist. Is é seo an dara babhta de Chiste Éigeandála COVID-19 agus tá €1.7m i maoiniú i gceist leis.

Mhol an Roinn go gcuirfeadh na LCDCanna 30% den mhaoiniú ar leataobh chun deontais bheaga €1,000 nó níos lú a chur ar fáil.

2. Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh?

Go ginearálta, is féidir le grúpa pobail nó le grúpa deonach neamhbhrabúsach ar bith iarratas a dhéanamh.

Níl eagraíochtaí ná daoine aonair tráchtála incháilithe do mhaoiniú.

3. Céard atá incháilithe do mhaoiniú?

3a. Cé na tionscadail atá incháilithe do mhaoiniú?

Cuirfear deontais ar fáil do ghrúpaí pobail leis chun cuidiú leo:

- **a gcuid seirbhísí agus a gcuid oibríochtaí a oiriúnú chun bheith feiliúnach don saol mar atá anois le COVID-19¹.** D'fhéadfaí áitribh a oiriúnú chun scaradh sóisialta a éascú; gníomhaíochtaí ar líne a chur ar fáil; tacaíochtaí sóisialta agus glaonna muinteartha ar an nguthán a chur ar fáil etc mar shamplaí de na bearta a dtabharfaí tacaíocht dóibh.
- **a bheith níos gníomhaí i bhfeachtas 'Go dté tú Slán' an Rialtais.** Tá na deontais dírithe ar chuidiú le rannpháirtíocht sa bhfeachtas, go háirithe mar a bhaineann le trí théama: ceangal le daoine eile a choinneáil, scíth a ligean, a bheith cruthaitheach agus aire a thabhairt do do ghiúmar.
- **Chun tacú le grúpaí costais ó lá go lá a chlúdach má theastaíonn sin,** chun seasmhacht agus inbhuanaitheacht a gcuid oibríochtaí a chinntiú. Tá sé beartaithe nach mbeidh feidhm ag an ngné seo den mhaoiniú ach amháin maidir le Grúpaí a bhíonn ag brath go hiomlán ar mhaoiniú áitiúil trí tháillí, urraíocht nó tiomsú airgid, agus nach bhfuil

¹ Tá sé seo ag teacht leis an ngníomh atá sannta ar an Roinn faoin Teacht Aniar agus Téarnamh 2020 – 2021: Plean Chun Maireachtáil le COVID-19.

aon mhaoiniú poiblí nó náisiúnta á fháil acu le haghaidh croíchostais, nó atá incháilithe / maoinithe cheana faoi aon cheann de na scéimeanna náisiúnta seasmhachta, m.sh. Cistí Seasmhachta Spóirt, Ciste Cobhsaíochta COVID-19, srl. Beidh gá d'aon iarratasóirí a d'fhéadfaadh a bheith sa tóir ar thacaíocht sa réimse seo, cruthúnais a sholáthar ar chostais reatha atá le teacht agus ar a staid airgeadais agus moltar dóibh teagmháil a dhéanamh lenár n-Oifig sula gcuirtear a n-iarratas isteach.

3b. Céard nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú?

Níl an caiteachas seo a leanas incháilithe do mhaoiniú:

- Aon tionscadal nach bhfuil ag coinneáil le clú an Chláir
- Táillí dlí
- Táillí maidir le bainistiú tionscadal
- Ceannach talún nó foirgneamh
- Staidéir féideartha
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála

4. Riachtanais an Chláir

Tá feidhm leis na coinníollacha seo a leanas ó thaobh gach tionscadal. Ag brath ar chineál do thionscadail (agus an grúpa atá ag déanamh an iarratais), d'fhéadfadh sé nár mhór freastal ar riachtanais bhreise. Déanfaidh an LCDC/LA an méid seo a phlé leat má éiríonn le do d'iarratas.

Ceanglais Chánach

- Ní gá go mbeidh an grúpa/eagraíocht iarratasóra cláraithe chun críocha cánach.
- Ní mór go mbeidh aon ghrúpa/eagraíocht iarratasóra atá cláraithe chun críocha cánach comhlíontach. Ar aon dul leis na nósanna imeachta imréitigh cánach leasaithe a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach a chur isteach chun críocha fíoraithe.

Toiliú Reachtúil – Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil gach toiliú reachtúil atá riachtanach i bhfeidhm sula gcuirtear tús le haon oibreacha. Áirítear cead pleanála leis sin, ach níl sé ag brath air.

Árachas – D'fhéadfadh an ÚÁ fianaise i scríbhinn de pholasaí árachais bailí a éileamh, sa chás gur ábhartha, le linn an phróisis athbhreithnithe.

Admháil maidir le maoiniú – Mar gheall ar luach roinnt de na deontais seo, ní bheadh sé éifeachtach ó thaobh costais síniú a éileamh a thugann admháil don Roinn, don Údarás Áitiúil nó do ranníocaíocht maoiniú an LCDC. Beidh admhálacha eile leordhóthanach, m.sh. ar láithreán gréasáin an ghrúpa/an eagraíocht nó ar ardáin meán sóisialta. Sa chás go ndéanfar forbairt ar chomharthaíocht ba chóir go dtabharfaí aitheantas do ranníocaíocht na Roinne.

Maoiniú meaitseáilte – níl sé ina cheanglas faoin gclár seo.

5. Critéir Roghnúcháin:

Déanfaidh an LCDC iarratais a mheas chun incháilitheacht a chinntiú agus chun a chinntiú go bhfuil siad ag cloí le héiteas an chláir.

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á thabhairt ar an mbealach:

- a gcuireann siad le líon na rannpháirtithe, nó na gcuariteoirí nó an lucht féachana, agus an bealach ina bhfeabhsaíonn siad agus a gcuireann siad leis an teacht atá ar shaoráidí.

D'fhéadfadh sé go n-áireodh sé sin saoráidí a oiriúnú chun freastal ar dhaoine go sábháilte nó seirbhísí a oiriúnú chun rannpháirtíocht fíorúil a mhéadú;

- a ndéantar infheistíocht chun cur le nó síneadh a chur le húsáid na saoráide, mar shampla, do ghrúpaí deonacha agus pobail;
- a mbíonn tionchar dearfach acu ar an timpeallacht, mar shampla, laghdú ar úsáid fuinnimh;
- a ndéantar comhoibriú leis an údarás áitiúil nó le comhlachtaí ábhartha eile sa cheantar a léiriú;
- a dtacaíonn siad le mórtas áite a chruthú laistigh den phobal;
- a dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta; agus/nó,
- a ndéantar infheistíocht i dteicneolaíocht a bheidh inrochtana do dhaoine aonair agus do phobail

D'fhéadfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á thabhairt ar chritéar breise a mheasfaidh an LCDC a bheith cuí i ngach limistéar riaracháin de gach Údarás Áitiúil.

D'fhéadfaí líon maoinithe a fhaightear ó fhoinsí eile a mheas chomh maith.

6. Rialachas Corparáideach

6a. Monatóireacht:

Éileofar ar na deontaithe na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasachta a chomhlíonadh mar atá doiciméadaithe i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Bainistiú agus Cuntasach do dheontais ón Státchiste

<http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf>

Is é an prionsabal uileghabhálach ná go mbeidh trédhearcacht agus cuntasacht ann ó thaobh airgead poiblí a bhainistiú, ar aon dul leis an ngeilleagar, le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht. Tugtar breac-chuntas sa chiorclán, mar shampla, nár chóir do lucht faighte deontais fáil réidh le sócmhainní a bhí maoinithe trí airgead poiblí gan cead a bheith faighte roimh ré.

6b. An Cód Rialachais d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha

Tá an Roinn ag moladh do chomhlachtaí a fuair maoiniú glacadh leis an gCód Rialachais, Cód Cleachtas do Dhea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanais, mar go gcuideoidh sé leat an méid is fearr is féidir a bhaint amach i ngach réimse den obair. Iarrtar sa Chód Rialachais ar eagraíochtaí comhaontú a thabhairt go bhfeidhmeofar i leith prionsabail phríomha ar mhaithe lena n-eagraíocht a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtúla i réimsí mar ceannaireacht, trédhearcacht agus cuntasacht agus iad féin a iompar le hionracas. Tá tuilleadh faisnéise le fáil maidir leis an gCód ag www.governancecode.ie

7. Nósanna Imeachta maidir le Ceadú

D'fhéadfadh sé go dtógfadh an LCDC san áireamh, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an leithdháileadh deiridh den mhaoiniú do thionscadal, líon fachtóirí, lena n-áirítear, cothroime geografach agus inmhianaitheacht maoiniú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla oibre agus míbhuntáiste gaolmhar an cheantair ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe á bhreithniú (nó a mbeidh an tsaoráid ag freastal air)².

Nuair a bheidh cinneadh déanta, gheobhaidh gach tionscadal atá ceadaithe, faoi réir ag foirmiúlacht dlí agus ceanglais eile a thabhairt chun críche, tairiscint ar chuidiú deontais i bprionsabal. Beidh sé

² D'fhéadfadh sé go n-áireodh sé sin crostagairt a dhéanamh ar shuíomh na saoráide (nó an ceantar ar a bhfreastalaíonn an tsaoráid) le hinnéacs díobhála Pobal Hasse atá le fáil ag www.pobal.ie.

sin faoi réir ag na coinníollacha ábhartha a chomhlíonadh agus faoi réir ag an iarratasóir glacadh go sásúil leis an tairiscint sin.

Coimeádtar an ceart ar chosaint maoiniú a bhí tairgthe do thionscadal eile a bhí ceadaithe a leithdháileadh arís mura bhfreastalaítear ar na ceanglais go léir laistigh de thréimhse réasúnach.

Tá an ceart ar chosaint ag an Roinn agus/nó ag an Údarás Áitiúil tabhairt faoi iniúchadh ar chaiteachas nó cigireacht a dhéanamh ó am go ham.

Tabhair ar aird:

De ghnáth sáraíonn na héilimh ar chúnamh an maoiniú a bhíonn ar fáil agus tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeidh an próiseas meastóireachta dian. Is é atá mar chuspóir leis an bpróiseas seo a chinntiú go dtagann na tionscadail is fearr chun cinn, agus na fachtóirí go léir á dtógáil san áireamh agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Is é beartas na Roinne a chinntiú go gcaitear le gach iarratas go cothrom agus go neamhchlaonta.

D'fhéadfadh sé go mbeadh na tairiscintí ar mhaoiniú níos lú ná an tsuim a bhí á lorg ag an iarratasóir. Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh go leor eagraíochtaí a bheith ag déanamh iarratais ar an gClár. Dá bhrí sin, in imthosca den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach n-éireodh leis na hiarratais go léir a chomhlíonann na coinníollacha nó d'fhéadfadh sé gur suim níos lú ná an tsuim a bhí á lorg a bheadh i gceist.

Agus an LCDC i mbun meastóireachta ar na tograí atá faighte, d'fhéadfadh siad comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus d'fhéadfadh sé faisnéis a nochtadh leis na saineolaithe agus leis na gníomhaireachtaí seo maidir le tograí atá faoi bhreithniú.

8. Ginearálta

Tá sé i gceist leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil sa doiciméad seo, tuiscint a thabhairt do na hiarratasóirí ar an bpróiseas lena ndéantar measúnú ar iarratais ar mhaoiniú agus lena gceadaítear na hiarratais agus níl léirmhíniú dlíthiúil i gceist leis.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

D'fhéadfaí, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, mionsonraí atá sna hiarratais agus sna doiciméid tacaíochta, arna n-iarraidh, a scaoileadh le tríú páirtithe. Sa chás faisnéis a bheith i d'iarratas atá íogair nó rúnda, déan an fhaisnéis sin a aithint agus tabhair míniú maidir leis an gcúis nár chóir an fhaisnéis sin a nochtadh. Má fhaightear iarratas faoin reachtaíocht ar fhaisnéis atá íogair a scaoileadh, rachfar i gcomhairle leat roimh chinneadh a dhéanamh cíbe a scaoilfear an fhaisnéis sin nó nach scaoilfear. Mura ndéantar faisnéis áirithe a aithint mar fhaisnéis atá íogair áfach, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a scaoileadh gan dul i gcomhairle leat.

Cuairteanna Suímh

D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an Roinn, an tÚdarás Áitiúil nó an LCDC faoi chuairteanna láithreán ar mhaithe le comhlíonadh théarmaí agus coinníollacha an Chláir a fhíorú gan aon fhógra a thabhairt roimh ré.

D'fhéadfadh sé go n-éileofaí faisnéis bhreise

Tá an ceart ar chosaint ag an LCDC tuilleadh faisnéise a éileamh uait más gá ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas.

Úsáid faisnéise

Bainfear úsáid as an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ar an bhfoirm chun críocha an phróisis deontais a mheas agus a riar, agus chun aon chuairteanna suímh a éascú. Agus an LCDC i mbun meastóireachta ar na tograí atá faighte, d'fhéadfadh siad comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus d'fhéadfadh sé faisnéis a nochtadh leis na saineolaithe agus leis na gníomhaireachtaí seo maidir le tograí atá faoi bhreithniú.

Eile

- Tá sé i gceist faoin gclár 30% den mhaoiniú a leithdháiltear ar gach ceantar Údaráis Áitiúil a chur ar leataobh do dheontais de €1,000 nó níos lú.
- Tabharfaidh grúpaí iarratasóra féin-deimhniú nach bhfuil maoiniú acu chun tabhairt faoin obair gan cuidiú deontais, nó tabharfaidh siad faoi thionscadal atá níos mó anois ná mar a bhí siad in acmhainn tabhairt faoi roimhe seo gan an deontas.
- Éileofar ar iarratasóirí, más do ghné amháin den tionscadal an t-iarratas ar mhaoiniú, fianaise doiciméadach a chur ar fáil maidir le hiarmhéid an mhaoinithe don ghné áirithe sin den tionscadal.
- Níl aon teorainn ar líon na n-iarratas ar thionscadail dhifriúla is féidir le heagraíocht a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh iarratasóirí ar an eolas, áfach, go nglacfaidh an ÚÁ le cur chuige cothromais ar mhaithe le dáileadh cothrom an mhaoinithe a chinntiú.
- Tá an Státchiste ag déanamh maoiniú 100% ar an gclár. Is féidir le hiarratasóirí maoiniú eile/maoiniú meaitseáilte a ghairiú do thionscadail (m.sh le LEADER, na Bailte Slachtmhara, maoiniú i ndáil le Feabhas a chur ar Bhailte agus ar Shráidbhailte, srl.) cé nach ceanglas atá anseo faoin gclár nua seo.
- Tá sé mar fhreagracht ar na riarthóirí/an comhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár maoinithe eile a chinntiú nach dtagann an Clár seo ar chómhaoiniú a dhéanamh ar thionscadal salach ar rialacha na scéime/an chlár eile sin.
- Ní íocfar CBL ach amháin sa chás go bhfuil CBL san áireamh i suim an iarratais. Ní ghlacfar le haon éilimh eile d'íocaíochtaí nó aisíocaíochta CBL.

9. Conas iarratas a dhéanamh

Foirm Iarratais

Tá an fhoirm iarratais mionsonraithe agus leagtha amach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ar fáil ann le meastóireacht a dhéanamh ar gach togra go cruinn agus go cothrom. **Cinntigh, le do thoil, go gcomhlánaíonn tú foirm iarratais ina iomláine agus go seoltar aon doiciméid a thacaíonn le d'iarratas isteach in éineacht leis an iarratas.**

Ní bhreithneofar a bheith incháilithe ach na tionscadail a fhreastalaíonn ar na critéir atá leagtha amach thuas.

TABHAIR AR AIRD NACH MBREITHNEOFAR IARRATAIS NACH BHFUIL COMHLÁNAITHE GO HIOMLÁN NÁ IARRATAIS ATÁ DEIREANACH.

Caithfear ar bhealach tromchúiseach le faisnéis atá bréagach nó míthreorach a chur ar aghaidh ag céim ar bith den phróiseas iarratais. D'fhéadfadh sé go mbeadh eagraíocht ar bith nach gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha an chlár faoi réir ag cigireacht, go bhféadfaí a ndeontas a tharraingt siar, go n-éileofaí orthu cuid den deontas nó an deontas go léir a íoc ar ais agus/nó cosc a bheith orthu iarratais a dhéanamh ar feadh tréimhse ama. Cuirfear aon sárúithe tromchúiseacha ar théarmaí agus ar choinníollacha an Chláir in iúl don Gharda Síochána.

Conas a bheidh a fhios agam má éiríonn le mo ghrúpa?

Gheobhaidh iarratais a n-éiríonn leo Litir Tairisceana (Foirm A) a bheidh ina chonradh idir an Chomhairle agus an t-iarratasóir, agus ní mór é seo a shíniú agus a sheoladh ar ais laistigh de 7 lá ón dáta tairisceana, nó, coimeádann an Chomhairle an ceart an tacaíocht deontais a athshannadh.

Conas mar a tharraingím anuas an deontas?

Ní mór duit an togra nó an tairiscint a chur i gcrích agus an t-iarratas chun an deontas a tharraingt a chur isteach **faoin 31 Lúnasa 2021 ar a dheireanaí**. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san iarratas chun an deontas a tharraingt:

- a) Tuairisc chomhlánaithe ar Chríochnú an Togra (Foirm B)
- b) Bun-admhálacha ar pháipéar sainchlóite ón soláthraí a léiríonn na míreanna caiteachais, NÓ, Sonraisc Oifigiúla ar pháipéar sainchlóite ón soláthraí a léiríonn na míreanna caiteachais mar aon le sliocht ó Ráiteas Bainc a léiríonn glan-íocaíochtaí.
- c) Féadfadh an t-údarás áitiúil teagmháil a dhéanamh leat níos déanaí chun faisnéis a bhailiú maidir le líon na dtairbhíthe ar thacaigh tú leo agus faisnéis eile, a thabharfaidh léargas iomlán ginearálta maidir leis an iarracht freagartha ar fud an Chontae.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais maidir le ciste éigeandála COVID-19.
- Ní mór go mbeidh an t-iarratas sínithe ag Cathaoirleach, Rúnaí nó ag Cisteoir na heagraíochta atá ag déanamh an iarratais.
- Ní dhéantar, go ginearálta, aon iarratais tríú páirtí nó idirghabhála a bhreithniú.
- Cinntigh, le do thoil, go gcomhlánaítear an fhoirm iarratais go hiomlán. Ní bhreithneofar iarratais ar mhaoiniú nach mbeidh comhlánaithe go hiomlán.
- Ní bhreithneofar iarratais a bheidh deireanach.
- Ní mór go mbeidh an t-eolas a chuireann grúpa/eagraíocht an iarratasóra ar fáil cruinn agus iomlán. D'fhéadfadh dícháiliú a bheith i gceist agus/nó an deontas a bheith le haisíoc mar thoradh ar eolas mícheart a chur ar fáil.
- Sa chás go sárófaí téarmaí agus coinníollacha na scéime deontais, is féidir smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cosc a chur ar iarratais a dhéanamh ar dheontais amach anseo.
- Tá sé de fhreagracht ar gach eagraíocht a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus beartais chearta i bhfeidhm, lena n-áirítear, árachas cuí, nuair is cuí.
- Cuirfear maoiniú caipitil ar fáil trí dheontais do ghrúpaí a bhfuil baint dhíreach acu le freagra Ghlaio an Phobail maidir le paindéim COVID-19.
- Ní mór fianaise maidir le caiteachas, fáltais/sonraisc a choimeád agus iad a chur ar fáil don Údarás Áitiúil nó dá ionadaithe, má éilítear a leithéid.
- Ní mór airgead deontais a chaitheamh agus a tharraingt anuas ón Údarás Áitiúil faoi dheireadh na bliana 2020. D'fhéadfadh fianaise ghrianghrafadóireachta a bheith riachtanach le tarraingt anuas deontais a éascú.
- Ní mór aitheantas poiblí a thabhairt do ranniocaíocht na Roinne i ngach ábhar a bhaineann le cuspóir an deontais.
- Coimeádfar an t-eolas go léir a chuirtear ar fáil maidir leis an iarratas ar dheontas go leictreonach. Tá an ceart ar cosaint ag an Roinn liosta de na deontais go léir a thugtar amach a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.
- Tá feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le gach taifead atá á gcoimeád ag an Roinn agus ag Údaráis Áitiúla.
- D'fhéadfadh go gcaithfeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe sonraí pearsanta a bhailiú uait ar mhaithe le d'iarratas a phróiseáil. Déanfar faisnéis den sórt sin a phróiseáil ar aon dul le ráiteas príobháideachais an Údaráis Áitiúil, atá le fáil ar www.gaillimh.ie

Má tá aon fhiosruithe agat maidir leis an bhfoirm iarratais nó na treoirlínte do Chiste Éigeandála Covid-19, déan teagmháil le Mary McGann: Ar an bhfón: 091 509128 / 087 1044 820

An Feachas “Go dTé Tú Slán”

Sheol an Taoiseach, Micheál Martin TD, an feachtas “Go dTé Tú Slán” a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le daoine agus le pobail aire a thabhairt dá gcuid sláinte fhisiciúil agus mheabhrach sna míonna atá romhainn. Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas “Go dTé tú Slán” taispeáint do dhaoine, idir óg agus aosta, conas is féidir linn aire a thabhairt dár sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus dár bhfolláine trí nósanna sláintiúla agus úsáideacha a chur isteach inar ngnáthamh laethúil agus seachtainiúil. Soláthróidh sé treoirínte, eolas agus leideanna ar rudaí a chabhróidh linn bheith ar fónamh sna míonna atá romhainn. Beidh an méid seo go léir le fáil ar gov.ie/healthyireland. Díríonn an feachtas “Go dTé tú Slán” ar chúig phríomhthéamaí:

- **Bí gníomhach**

Tá sé tábhachtach bheith gníomhach agus bheith amuigh faoin spéir, fiú i rith an gheimhridh, chun cabhrú lenár sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus lenár bhfolláine. Tá sraith tionscnamh ar bun ag Spórt Éireann a thacóidh le daoine bheith gníomhach ina gceantair áitiúla féin i rith an gheimhridh. Lena chois sin, tugtar cuireadh d’eagraíochtaí spóirt agus do chlubanna bealaí a fhorbairt chun tacú le pobail áitiúla.

- **Bíodh caidreamh agat**

Tá sé tábhachtach dár bhfolláine bheith nasctha le daoine, dul i ngleic leis an uaigneas, tacú le grúpaí deonacha agus le tionscnaimh a chothaíonn an nasc pearsanta. Ag cur leis an bhfreagairt Glao an Phobail níos luaithe i mbliana, táthar ag tacú leis na hÚdaráis Áitiúla chun líne chabhrach agus seirbhís muintearais áitiúil don phobal a chur ar fáil. Déanfaidh Fóram an Phobail maoirseacht ag leibhéal an Chontae agus na Cathrach ar chomhordú na nGardaí, FSS, na nÚdaráis Áitiúla, An Post, grúpaí pobail, carthanachtaí, cumainn chónaitheoirí agus grúpaí eile, i bhfeachtas a bheidh ag tosú láithreach chun freastal ar dhaoine a d’fhéadfadh a bheith leochaileach maidir leis an uaigneas i measc an phobail uile, beag beann ar aois, inscne, náisiúntacht ná tíreolaíocht. Is í an phríomhaidhm ná cinnte a dhéanamh de go mbeidh an deis céanna ag gach duine bheith páirteach sa chlár cúnamh Glao an Phobail, ionas go bhfaighidh siad seirbhísí muintearais, tacaíochtaí praiticiúla agus tacaíochtaí níos casta más gá.

- **Sos a ghlacadh agus rud cruthaitheach a dhéanamh**

Sos a ghlacadh agus rud cruthaitheach a dhéanamh nó rud nua a fhoghlaim, filleadh ar an nádúr agus bealaí a aimsiú chun do scíth a ligean – is féidir leo go léir cur lenár bhfolláine ghinearálta.

- gabháil i mbun caidrimh cruthaitheach le spásanna agus le háiteanna stairiúla sa cheantar
- tob-shiamsaíocht bheo, chruthaitheach, móibíleach i dtimpeallachtaí pobail agus sláinte cúraim
- ceangal a choimeád idir ár bpobail agus ár gceantair trí léitheoireacht agus scríbhneoireacht chruthaitheach
- cruthaitheacht ag baint úsáide as an bhfón, an post, na meáin áitiúla, ardáin dhigiteacha nó na meáin shóisialta
- fótagrafaíocht Chruthaitheach le Fresh Eyes
- úsáid a bhaint as spásanna agus as áiteanna ag lucht ealaíne de réir treoirínte an Rialtais

- **Bia folláin**

Nuair a chothaímid ár gcolainn agus ár n-intinn, is féidir linn nasc níos fearr a fhorbairt idir an bia a ithimid agus conas a mhothaimid, agus tionchar dearfach a imirt ar ár bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach. Cuirfidh Bord Bia faisnéis agus acmhainní ar fáil chun tacú le réim bia shláintiúil don gheimhreadh seo. Cuirfidh Biaslán an chéad chéim eile dá bhfeachtas “TÚS” i bhfeidhm, ag díriú ar lántairbhe a bhaint as an am a chaitear leis an teaghlach agus nósanna sláintiúla a chothú. Ina theannta sin, éascóidh líonra na leabharlanna ar fud na tíre mórthionscnamh Fás Tú Féin É go luath in 2021, chun tacú le daoine a gcuid bia féin a fhás – is cuma an méid – rud a chabhróidh ceangal a dhéanamh idir bia a fhás agus réim bia sláintiúil a ithe chomh maith le líonraí pobail a fhorbairt.

- **Tabhair aire do do ghiúmar**

Eolas a thabhairt do dhaoine maidir le cén áit ar chóir dóibh tacaíocht a lorg más gá. Déanfar é seo a nascadh leis an líne chabhrach áitiúil chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh rochtain ag daoine ar an tacaíocht atá ag teastáil. Seolfaidh FSS sraith d’acmhainní “Tabhair Aire do d’Fholláine” agus chomh maith leis sin, táthar ag tacú leis na Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga ar fud na tíre chun go gcuirfidh siad seirbhísí feabhsaithe ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh sna míonna atá romhainn.